II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

**RIALACHÁN (AE) 2021/1116 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 28 Meitheamh 2021**

**maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach ([1]) ("an Comhaontú"), arna fhormheas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 450/2007 ón gComhairle ([2]), tháinig sin i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2007. An Prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach ([3]), arna shíniú an 24 Iúil 2013, ("Prótacal 2013"), chuaigh sin in éag an 23 Iúil 2016.

(2) Thar ceann an Aontais, tá Prótacal nua 5 bliana maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026) ("an Prótacal") caibidlithe ag an gCoimisiún.

(3) Tar éis an chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích, cuireadh inisealacha leis an bprótacal an 10 Feabhra 2021.

(4) An 28 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/1117 ([4]) maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(5) Ba cheart na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm.

(6) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Gabúine agus an gá atá ann fad thréimhse bhearnaithe na ngníomhaíochtaí sin a laghdú oiread is féidir.

(7) Tá feidhm ag an bPrótacal, ar bhonn sealadach, ó dháta a shínithe, chun go bhféadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Gabúine a dhéanamh arís. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna,

([1]) IO L 109, 26.4.2007, lch. 3.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 450/2007 ón gComhairle an 16 Aibreán 2007 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach a thabhairt i gcrích (IO L 109, 26.4.2007, lch. 1).
([3]) IO L 250, 20.9.2013, lch. 2.
([4]) Cinneadh (AE) 2021/1117 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026) (Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar na deiseanna iascaireachta a bhunaítear faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht na Gabúine agus an Comhphobal Eorpach (2021-2026) ("an Prótacal"), a leithdháileadh ar na Ballstáit mar a leanas:

(a) Báid saighne tuinníní:

| | |
|---|---|
| An Spáinn: | 15 shoitheach, |
| An Fhrainc: | 12 shoitheach; |

(b) soithí tuinníní cuaille agus dorú:

| | |
|---|---|
| An Spáinn: | cúig shoitheach, |
| An Fhrainc: | soitheach amháin; |

c) trálaeir:

| | |
|---|---|
| An Spáinn: | ceithre shoitheach. |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta a shíneofar an Prótacal.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 28 Meitheamh 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. do C. ANTUNES